# Ceacht a 2 - Daonáireamh 2006

## Téama
Céard é Daonáireamh?

## Cuspóirí
Cuirfear ar chumas an pháiste:
- insint céard é an daonáireamh
- míniú cén fáth go mbíonn daonáireamh ann
- insint in ord na céimeanna a bhaineann leis an daonáireamh a chur i gcrích
- déan liosta de chuid den eolas atá bailithe
- fáigh amach conas is féidir sonraí an daonáirimh a úsáid

## Comhthathú agus Nascáil
**Féach Gníomhaíochtaí an Daonáirimh 2006 le liosta iomlán deiseanna comhthaithe a fháil.**

## Tascanna
- Gníomhaíocht don rang ar fad – Cártaí sórtála an daonáirimh
- Na céimeanna i gciorcal an daonáirimh a chruthú
  - Gníomhaíocht a 1 – Cúlra an daonáirimh
  - Gníomhaíocht a 2 – Focail Iontais, focal cuardaigh agus freagraí
  - Gníomhaíocht a 3 – Cipíní Cliste
  - Gníomhaíocht a 4 – Tomhas an Daonáirimh
  - Gníomhaíocht a 5 – 23 Aibreán 2006

## Teastaíonn
- Cártaí A4 – céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh S 2.1
- Leagan cártaí imeartha den mhéid thuas S 2.2
- Cártaí príomhphointí S 2.3
- Focail Iontais , focal cuardaigh agus freagraí S 2.4
- Cipíní Cliste S 2.5
- Tomhas an Daonáirimh agus freagra S 2.6
- Bileog oibre an daonáirimh bunaithe ar an uimhir 23 S 2.7

## Naisc Bhaile/Scoile
Déan cóip den leagan cártaí imeartha de chiorcal an daonáirimh agus iarr ar na páistí iad a thabhairt abhaile le plé a dhéanamh faoin daonáireamh. Cuimhnigh go bhféadfadh teaghlaigh atá nuatagtha go hÉirinn a bheith i gceist agus b'fhéidir nach bhfuil próiséas an daonáirimh ar eolas acu. Foinse thábhachtach eolais agus tacaíochta iad na páistí sna teaghlaigh sin.

## Príomhtheachtaireachtaí
- Foinse an-tábhachtach eolais maidir lenár dtír é an daonáireamh.
- Tá na fíricí agus na figiúirí a sholáthraíonn an daonáireamh riachtanach le pleanáil don todhchaí.

## Foclóir
*Daonáireamh, bailigh, eolas, sonraí, staitisticí, rialtas, suirbhé, liosta, foirm, eolas, daonra, inscne, áitreabh, oideachas, teanga, eacnamaíocht, úsáideoir, tionscal, fostaíocht, seirbhís mhíleata, cathrú, áiritheoir, acmhainn, faoi rún…....*

Is foinse shaibhir é an foclóir thuasluaite d'ábhar díospóireachta agus don obair scríofa freisin.

## Measúnú
Beidh na páistí
- ag úsáid na bhfocal a bhaineann le próiséas an Daonáirimh 2006 sa díospóireacht maidir leis an taithí atá ag teaghlaigh Éireannacha ar an daonáireamh
- ag cur na gcéimeanna i bpróiséas an daonáirimh in ord ó bhéal
- ag déanamh liosta de chuid den eolas bailithe sa daonáireamh agus ag plé na bhfáthanna go dteastaíonn sé
- ag plé conas is féidir sonraí an daonáirimh a úsáid agus tuiscint a fháil go bhfuil eolas faoi leith 'leochaileach'.

## Pointí Airde don Mhúinteoir
Déan nóta d'aon pháistí ó theaghlaigh nach bhfuil cleachtadh acu ar an daonáireamh agus mínigh an próiséas go mion dóibh – is féidir an obair seo a dhéanamh i mbeirteanna nó mar ghníomhaíocht don rang iomán.
Tá an foclóir a bhaineann le próiséas an daonáirimh cásta amanna, mar sin bí ag faire amach do riachtanais na bpáistí idirnáisiúnta agus dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí teanga acu.
Nóta: is féidir le páistí a bhfaigheann an ghníomhaíocht seo an-simplí úsáid a bhaint as acmhainn S 4.8 len iad a spreagadh le TEC a úsáid le graif a fhorbairt. Bheadh siad in ann freisin ansin tosú ag úsáid cairteacha i dtuairisc scríofa (Gaeilge – scríobh agus léamh de shóirt éagsúla).

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 2

Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a 1 – céard is cuimhin linn?

- Is féidir go leor fadhbanna leathúla a réiteach nó cosc a chur orthu trí sonraí a bhailiú ó dhaoine eile agus na sonraí seo a úsáid le hathruithe a dhéanamh le rudaí a fheabhsú.

## Babhta tobsmaointe

- Labhair leis na páistí faoi na sonraí a bhailítear sa seomra ranga go laethúil.
- Labhair leis na páistí faoin rolla. Iarr ar na páistí cén t-eolas/sonraí a chuirtear isteach sa leabhar rolla gach lá – ainm an dalta, dáta breithe, seoladh, uimhir aitheantais nó rolla, láithreacht …
- Fáigh amach ó na páistí cén chaoi gur féidir na sonraí seo a úsáid – an múinteoir ranga/príomhoide ag coinneáil taifid den láithreacht, le dul chun cinn an dalta a léiriú agus é/í ag dul tríd an mbunscoil, le scrúdú ó chigirí na Roinne Oideachais agus ó Oifigigh Láithreachta Scoile, le figiúirí a chur ar fáil de líon na bpáistí atá le dul chuig meánscoileanna/taifid, ar mhaithe le cúrsaí staire…(Bíonn sean leabhair rolla go minic ag scoileanna agus is foinse iontacht eolais spéisiúil iad).
- Mínigh do na páistí go mbíonn áireamh oifigiúil ag an rialtas de dhaonra na tíre ar an mbealach céanna go dtógann an múinteoir an rolla gach maidin.

*Ar chuala aon duine riamh caint ar an daonáireamh? Céard a cheapann sibh atá ann? Cén fáth go dteastaíonn sé?*
*Cé chomh minic a cheapann sibh a bhíonn sé ann? Cén bealach a cheapann sibh go ndéantar an daonra a chomhaireamh?*
*Breathnaigh ar smaointe na bpáistí agus déan iad seo a cheangal leis an bpróiséas bailiúcháin sonraí.*

Taispeáin an focal DAONÁIREAMH do na páistí agus mínigh é i.e. comhaireamh oifigiúil ar líon na ndaoine (daonra) sa tír.

B'fhéidir gur chuimhin le cuid de na páistí Daonáireamh 2002 agus b'fhéidir go ndearna siad na ceachtanna a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) ar fáil don scoil. B'fhéidir gur cuimhin le cuid eile nuair a tháinig foirm an daonáirimh chuig a dteach agus nuair a chomhlánaigh a dtuismitheoirí/ a gcaomhnóirí í. Déan an taithí atá ag na páistí ar an daonáireamh más cuimhin leo é.

## Gníomhaíocht a 1 – Cúlra an Daonáirimh – plé agus díospóireacht

D'fhéadfaí ansin an t-eolas seo a leanas a roinnt leis na páistí i rith na díospóireachta. Seachain míniú na bhfocal a fhoghlaim 'de ghlan mheabhair' tríd an oiread den eolas a fháil ó na páistí iad féin agus díospóireacht a bheith agat leo maidir leis na fáthanna go dteastaíonn daonáireamh. Bain úsáid as na Cártaí Príomhphointí **S 2.3** mar chuimhne, go háirid má tá clár Taispeántais Daonáirimh agat.

Céard é Daonáireamh?

**Áireamh oifigiúil de dhaonra tíre é daonáireamh**. Daonáireamh a thugtar ar an gcineál áirimh seo agus tá sé á dhéanamh ón anallód.

Cén fáth a dteastaíonn an t-eolas seo ó dhaoine?

**Ón Laidin *censere* a thagann an focal Béarla ar an daonáireamh 'Census' agus ciallaíonn sé "measúnú nó cáin".**

Tharla sé seo mar bhíodh oifigigh rialtais ag cur cláir le chéile de na daoine agus dá maoin.
Cuireadh luach ansin ar an maoin ar mhaithe le cáin a ghearradh uirthi.
Lucht áirimh a tugadh ar na hoifigigh rialtais seo.

Cén fáth gur gá do rialtais cáin a ghearradh ar dhaoine? Céard a dhéanann siad i do thuairim leis an airgead? An mbeadh tír in ann feidhmiú gan cháin a ghearradh ar an daonra?

Rinneadh mion eolas a bhailiú ar an daonra freisin le daoine a aimsiú don tseirbhís mhíleata.

An gá do dhaoine dul san arm sa tír seo? Cén fáth gur theastaigh airm mhóra ó thíortha san anallód? B'fhéidir go bhfuil páistí sa rang as tíortha gur gá do dhaoine óga seirbhís mhíleata a dhéanamh.

B'iad na Rómánaigh a thóg na daonáirimh ba iomlána san anallód (ag tosú sna 500aidí RC).

Cén fáth go gcuirtear daonáireamh i gcrích?

**Tá daonáireamh ann le fíricí agus figiúirí (staitisticí) a theastaíonn ón rialtas a chur ar fáil** le fáil amach cén chaoi a bhfuil rudaí ag dul ar aghaidh sa tír. Sa lá inniu tógann beagnach gach tír daonáireamh oifigiúil uair amháin **gach cúig nó deich mbliana.** Tá an daonáireamh an-tábhachtach mar tugann sé pictiúr cruinn den tír agus is é an fhoinse is fearr eolais maidir le tír.

Tá an t-eolas a sholáthraíonn daonáireamh fíor luachmhar mar gheall go gcuireann sé bunús ar fáil don dea-rialtas.

Cén cineál eolais a cheapann tú a theastaíonn ónár rialtas?

## Cén chaoi a mbaintear úsáid as sonraí an Daonáirimh?

Ar an mbealach céanna go mbailíonn príomhoide na scoile eolas taobh istigh den scoil, bailíonn an rialtas eolas freisin le treochtaí a oibriú amach ag leibhéil éagsúla, náisiúnta, áitiúil, poiblí agus príobháideach. Tá na staitisticí seo riachtanach le rudaí a phleanáil ar nós:

- Cé mhéid scoileanna nua a bheidh ag teastáil uainn?
- An bhfuil a ndóthain ospidéal againn?
- Cé mhéid airgid gur ceart a chur ar leataobh do phinsin seanaoise?
- Cá dteastaíonn bóithre nua uainn?

## Cé a chuireann an Daonáireamh i gcrích?

Tá comhlachtaí (eagraíochtaí) speisialta ag go leor tíortha atá freagrach as an daonáireamh a chur i gcrích. In Éirinn is í **an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS)** a chuireann an daonáireamh i gcrích. Oifig staitisticí an Rialtais í an POS agus tá réimse leathan eolais sóisialta, eacnamaíoch agus déimeagrafaíoch maidir le hÉirinn á bhailiú agus á fhoilsiú aici ó bunaíodh í sa bhliain 1949.

Faoin Acht Staidrimh, 1993 bunaíodh an POS ar bhonn reachtúil mar chuid den Státseirbhís. Cintíonn an tAcht seo freisin go bhfuil na sonraí a bhailíonn an POS **faoi rún daingean** agus nach féidir an t-eolas a úsáid ach ar mhaithe le staidreamh.

Céard a chialaíonn 'Faoi Rún'? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach an t-eolas a choinneáil faoi rún?

Earcaíodh tuairim agus 5,000 daoine ar an bhfoireann sealadach sna ceantair agus chuir an POS traenáil orthu leis an daonáireamh a chur i gcrích. An bhfuil a fhios agat go mbeidh sa bhreis ar **4,400 Áiritheoirí Daonáirimh** ag dáileadh foirmeacha daonáirimh roimh an 23 Aibreán agus á mbailiú ar dháta faoi leith tar éis oíche an daonáirimh. Tabharfaidh siad cúnamh freisin do dhaoine leis an bhfoirm a chomhlánú má bhíonn aon deacracht acu le ceist agus cuirfidh siad eolas ar fáil.

Beidh cárta aitheantas ar iompar ag gach áiritheoir.

Cén fáth go mbeadh orthu Cárta Aitheantais a bheith ar iompar acu?

## Forbairt Foclóra

Sa bhabhta tobsmaointe, beidh sé tábhachtach foclóir béil a fhorbairt ar théama an Daonáirimh. B'fhéidir go mbeadh an liosta seo ina chúnamh:

| | | | |
|---|---|---|---|
| * Daonáireamh | * Cáin | * Trádáil | * Fostaíocht |
| * Eolas | * Sonraí | * Suirbhé | * Oideachas |
| * Daonra | * Rialtas | * Staitisticí | * Inscne |
| * Clár | * Talmhaíocht | * Sóisialta | * Gairm |
| * Maoin | * Tionscal | * Eacnamaíocht | * Tuaithe / Uirbeach |
| * Meastúchán | * Náisiúnta | * Treocht | * Sonraí |

### Gníomhaíocht don rang iomlán

Labhair leis na páistí faoin daonáireamh agus mínigh dóibh cén chaoi a gcuirtear an daonáireamh i gcrích ag baint úsáide as na cártaí leide (**S 2.1**) mar bhunús don díospóireacht. Is féidir na páistí a spreagadh le tomhas céard í an chéad chéim eile agus is féidir na cártaí a chur in ord ar leic an chláir dhuibh.

Céim a 1: Dáilítear foirmeacha an daonáirimh ar theaghlaigh mí roimh Lá an Daonáirimh.
Céim a 2: Oíche an Daonáirimh léann daoine ar fud na tíre na ceisteanna ar fhoirm an daonáirimh agus scríobhann siad na freagraí ar an bhfoirm.
Céim a 3: Bailítear foirmeacha an daonáirimh ónár dteaghlaigh.
Céim a 4: Déantar foirmeacha an daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil isteach i ríomhaire i lár oifig.
Céim a 5: Cuirtear na freagraí / an t-eolas ar ghraif nó scríobhtar ar liostaí iad.
Céim a 6: Léann daoine na graif nó liostaí seo agus scríobhann siad tuairiscí.
Céim a 7: Déanann na daoine a ritheann ár dtír (an rialtas) pleananna len í a fheabhsú mar áit chónaithe.

Ba cheart béim a leagan ar ord na ngníomhaíochtaí i gciorcal an daonáirimh agus na páirteanna a phlé. Is féidir é seo a dhéanamh i mbeirteanna ag baint úsáide as **S 2.2** cártaí imeartha nó mar tasc don rang iomlán ag baint úsáide as na leaganacha A4 **S 2.1.**

## Leag béim ar dháta an Daonáirimh atá ag teacht – 23 Aibreán 2006

### An Rang Iomlán

Díospóireacht maidir leis an méid a d'fhoghlaim muid inniu.
*An cuimhin le haon duine céard é daonáireamh?*
*Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach ?*
*Cé chomh minic a thógtar daonáireamh?*
*Lig ort go bhfuil tú ag míniú ciorcal an daonáirimh do dhuine i dtír eile –an féidir leat insint dó/di cén t-ord ina tharlaíonn na céimeanna i gciorcal an daonáirimh?*

Téigh siar ar na Cártaí Príomh Phointí **(S 2.3)** agus taispeáin iad ar chlár fógraí le hobair na bpáistí ar an daonáireamh.

### Obair bhreise:

#### Gníomhaíocht a 2 – Focal Cuardaigh an Daonáirimh

Chomh maith le foclóir a mhúineadh do na páistí mar chuid dá ngníomhaíocht teanga béil is féidir na focail a thaispeáint ar luas chártaí. Is féidir iad a usáid mar speagadh d'obair shimplí scríofa agus mar ghníomhaíocht dóibh siúd a chríochnaíonn go luath nó do pháistí níos cumasaí.

#### Gníomhaíocht a 3 – Tomhas an Daonáirimh ~ 'Cipíní Cliste'

Gníomhaíocht bhreise spraíúil ag baint úsáide as cipíní cliste le príomhfhocail an daonáirimh a chruthú.

## Gníomhaíocht a 4 – Tomhas Matamaiticiúil an Daonáirimh

Leagann an ghníomhaíocht bhreise seo béim ar dháta an Daonáirimh atá ag teacht aníos, is é sin an 23 Aibreán 2006 ag baint úsáide as tascanna le fadhbanna matamaiticiúla a réiteach.

## Gníomhaíocht a 5 – 23 Aibreán 2006

Tá ceisteanna spraíúla curtha ar fáil don pháiste anseo, chomh maith le tascanna agus gníomhaíochtaí bunaithe ar dháta an Daonáirimh, 23 Aibreán 2006.

S 2.1

# Dáiltear foirmeacha an daonáirimh ar ár dtithe

# Déantar foirmeacha an daonáirimh a chomhlánú lá an daonáirimh

# Bailítear foirmeacha an daonáirimh tar éis lá an daonáirimh

# Déantar foirmeacha an daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil

# Cuirtear eolas ar ghraif nó ar liostaí

# Léann daoine na graif agus scríobhann siad tuairiscí

# Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú

M 3.1

# Céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh

| Dáilítear foirmeacha an Daonáirimh ar ár dtithe | Déantar foirmeacha an Daonáirimh a chomhlánú Lá an Daonáirimh | Bailítear foirmeacha an Daonáirimh tar éis Lá an Daonáirimh | Déantar foirmeacha an Daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil |
|---|---|---|---|

| Cuirtear eolas ar ghraif nó ar liostaí | Léann daoine na graif agus scríobhann siad tuairiscí | Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú |
|---|---|---|

S 2.3

Áireamh oifigiúil de dhaonra na tíre é daonáireamh

Ciallaíonn an focal Béarla Cencus '*measúnu nó cáin*' Laidin: censere

Soláthraíonn daonáireamh fíricí agus figiúirí (staitisticí) don rialtas

Bíonn daonáireamh ann go hiondúil gach cúig nó deich mbliana

Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) an obair ar fad

Dáileann agus bailíonn sa bhreis ar 4400 áiritheoirí foirmeacha an daonáirimh

# Focail Iontais

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | É | I | R | E | A | W | F | H | R | I | E | J | L | C |
| M | E | B | V | B | D | O | S | S | H | T | X | J | U | I |
| S | O | V | S | H | A | I | O | U | E | I | I | M | G | V |
| H | L | M | D | A | O | D | N | I | A | O | W | H | U | Z |
| M | A | F | B | A | N | E | S | R | G | N | X | V | E | A |
| R | S | O | R | C | Á | A | O | B | N | S | D | D | A | N |
| I | A | S | A | M | I | C | N | H | A | C | P | A | C | U |
| A | L | T | I | H | R | H | R | É | E | A | Q | U | N | S |
| L | I | A | L | A | E | A | A | R | T | L | H | O | A | F |
| T | Á | Í | L | I | A | S | Í | I | R | M | P | N | M | Y |
| A | N | O | E | N | M | Q | H | O | A | H | N | Ú | A | Z |
| S | A | C | G | N | H | B | D | E | A | M | Á | R | Í | R |
| H | C | H | C | U | A | A | R | H | T | A | E | I | O | M |
| W | S | T | N | E | O | I | Á | T | N | E | R | O | C | O |
| Y | R | I | R | N | A | A | T | I | Ú | R | B | A | H | A |
| Z | U | T | R | H | T | M | A | R | I | D | I | F | T | R |
| D | I | A | M | X | R | U | R | I | S | I | A | P | W | N |
| Á | H | O | C | I | Q | H | W | Á | I | A | E | H | O | O |
| E | C | E | O | G | E | O | M | H | Á | T | E | P | T | A |
| C | B | F | B | C | S | Ó | N | P | N | S | L | T | M | D |

Faigh na focail seo agus dathaigh iad le dathanna éagsúla

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ráta | Náisiúnta | Braille | Comhaireamh | Sonraí |
| Scanáil | Rialtas | Nós | Oideachas | Teanga |
| Aibreán | Daonáireamh | Eacnamaíocht | Eolas | Faoi Rún |
| Áitreabh | Suirbhé | Staidreamh | Tionscal | Áiritheoir |
| Daonra | Acmhainn | Fostaíocht | Foirm | Éire |

Cuir na focail thuas in ord aibítre..

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Faigh an Uimhir Dhraíochta anois.**

Bain úsáid as an gcód seo:

Focail 'A' = 1

Focail 'B' = 2

Focail 'C' = 3

## Dúshlán!

- Comhairigh an méid focal A, B agus C … atá ar do liosta.
- Má tá 5-fhocal A scríobh an abairt uimhreach seo 5 x 1 = 5
- Má tá 3-fhocal B agat, scríobh an abairt uimhreach seo 3 x 2 = 6

Nuair atá na habairtí uimhreacha ar fad scríofa agat, déan suas an t-iomlán leis an uimhir dhraíochta a fháil!

# Freagra

## Ord Aibítre

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Acmhainn | Aibreán | Áiritheoir | Áitreabh | Braille |
| Comhaireamh | Daonra | Daonáireamh | Eacnamaíocht | Éire |
| Eolas | Faoi Rún | Foirm | Fostaíocht | Náisiúnta |
| Nós | Oideachas | Ráta | Rialtas | Scanáil |
| Sonraí | Staidreamh | Suirbhé | Teanga | Tionscal |

## Uimhir Dhraíochta

| Méid Focal | Abairt Uimhreach | Iomlán |
|---|---|---|
| 4 fhocal A | 4 x 1 = 4 | 4 |
| 1 focal B | 1 x 2 = 2 | 2 |
| 1 focal C | 1 x 3 = 3 | 3 |
| 2 fhocal D | 2 x 4 = 8 | 8 |
| 3 fhocal E | 3 x 5 = 15 | 15 |
| 3 fhocal F | 3 x 6 = 18 | 18 |
| 2 fhocal N | 2 x 14 = 14 | 28 |
| 1 focal O | 1 x 15 = 15 | 15 |
| 2 fhocal R | 2 x 18 = 36 | 36 |
| 4 fhocal S | 4 x 19 = 76 | 76 |
| 2 fhocal T | 2 x 20 = 40 | 40 |
| Uimhir Dhraíochta = 245 | | |

## Focail Iontais

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | É | I | R | E | A | W | F | H | R | I | E | J | L | C |
| M | E | B | V | B | D | O | S | S | H | T | X | J | U | I |
| S | O | V | S | H | A | I | O | U | E | I | I | M | G | V |
| H | L | M | D | A | O | D | N | I | A | O | W | H | U | Z |
| M | A | F | B | A | N | E | S | R | G | N | X | V | E | A |
| R | S | O | R | C | Á | A | O | B | N | S | D | D | A | N |
| I | A | S | A | M | I | C | N | H | A | C | P | A | C | U |
| A | L | T | I | H | R | H | R | É | E | A | Q | U | N | S |
| L | I | A | L | A | E | A | A | R | T | L | H | O | A | F |
| T | Á | Í | L | I | A | S | Í | I | R | M | P | N | M | Y |
| A | N | O | E | N | M | Q | H | O | A | H | N | Ú | A | Z |
| S | A | C | G | N | H | B | D | E | A | M | Á | R | Í | R |
| H | C | H | C | U | A | A | R | H | T | A | E | I | O | M |
| W | S | T | N | E | O | I | Á | T | N | E | R | O | C | O |
| Y | R | I | R | N | A | A | T | I | Ú | R | B | A | H | A |
| Z | U | T | R | H | T | M | A | R | I | D | I | F | T | R |
| D | I | A | M | X | R | U | R | I | S | I | A | P | W | N |
| Á | H | O | C | I | Q | H | W | Á | I | A | E | H | O | O |
| E | C | E | O | G | E | O | M | H | Á | T | E | P | T | A |
| C | B | F | B | C | S | Ó | N | P | N | S | L | T | M | D |

S 2.5

# Cipíní Cliste

*Is féidir úsáid a bhaint as cipíní le haghaidh tomhasanna, cleasanna agus cluichí de chuile chineál.*
*Tosaigh anois á mbailiú – ní amháin go mbeidh athchúrsáil ar bun agat agus tú ag cuidiú leis an timpeallacht, ach beidh spraoi agat freisin!*

Cuir amach 19 cipíní mar seo a leanas:

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Tóg an 19 cipín thuas. Gan aon cheann acu a bhaint amach an féidir leat iad a shórtáil leis an uimhir 2006 a dhéanamh.

Anois tóg 11 cipín agus déan 2006 astu. Tá leid ar fáil san anagram seo:

| |
|---|
| CHHRUIMEAA RÓMACHAÁN |

Agus tá tuilleadh ann!
Cuir amach 10 gcipín agus déan an uimhir 23 – dáta an daonáirimh!


Is féidir leat cipíní a chur trasna ar a chéile leis an uimhir dhraíochta seo a dhéanamh.

Anois an tsamhlaíocht!
An féidir leat focail a dhéanamh le cipíní.
Ar dtús tomhas cé mhéid cipíní a bheidh ag teastáil uait, déan an focal agus breatnaigh an raibh an ceart agat.
Bain triail as an gcéad péire agus ansin déan focail 'daonáirimh' eile.

| Focal | Tomhas an méid cipíní | Méid cipíní a d'úsáid tú |
|---|---|---|
| Daonáireamh | | |
| Aibreán | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |


# Freagra ar Chipíní Cliste

1.




2.

UIMHREACHA RÓMÁNACHA



3.



S 2.6

# Tomhas an Daonáirimh

Léigh an abairt uimhriúil i ngach bosca thíos.

Dathaigh na boscaí a bhfuil an freagra 23 orthu.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3x5 +8 | 9x3-4 | 2x8+7 | 8+19+8 | 5x8-17 | 2x13-3 | 4x8-9 |
| 3x3+20 | 5x4+4 | 4x9-13 | 9+9+9 | 7x8-30 | 96 ÷ 4 | 2x23÷2 |
| 15x2-7 | 2x12-1 | 69 ÷ 3 | 4x8+7 | 30÷3+13 | 24÷2+11 | 3x15-22 |
| 2x3+17 | 39 ÷ 3 | 30÷2+13 | 8+8+8 | 40÷2+13 | 99 ÷ 3 | 92 ÷ 4 |
| 5x6-7 | 30÷2+8 | 18÷3+17 | 10+19+10 | 2x9+5 | 2x9+5 | 7+9+7 |

# Freagra ar
# Thomhas an Daonáirimh

Léigh an abairt uimhriúil i ngach bosca thíos.

Dathaigh na boscaí a bhfuil an freagra 23 orthu.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3x5+8 | 9x3-4 | 2x8+7 | 8+19+8 | 5x8-17 | 2x13-3 | 4x8-9 |
| 3x3+20 | 5x4+4 | 4x9-13 | 9+9+9 | 7x8-30 | 96 ÷ 4 | 2x23÷2 |
| 15x2-7 | 2x12-1 | 69 ÷ 3 | 4x8+7 | 30÷3+13 | 24÷2+11 | 3x15-22 |
| 2x3+17 | 39 ÷ 3 | 30÷2+13 | 8+8+8 | 40÷2+13 | 99 ÷ 3 | 92 ÷ 4 |
| 5x6-7 | 30÷2+8 | 18÷3+17 | 10+19+10 | 2x9+5 | 2x9+5 | 7+9+7 |

Céard a thugann tú faoi deara faoin bpatrún datha atá déanta agat?

Scríobh roinnt abairtí uimhriúla a bhfuil 23 mar fhreagra orthu sna boscaí thíos:

S 2.7

# Fiche Trí

Beidh an Daonáireamh ann Dé Domhnaigh, 23 Aibreán 2006.

Scrúdaímis an Uimhir Dhraíochta 23.

* An uimhir chorr nó chothrom í 23? ____________
* An uimhir chearnógach, dhronuilleach nó triantánach é 23? ___________
* An bhfuil fachtóirí ag an uimhir 23? Cén t-ainm atá ar an gcineál uimhir seo?
* Cé mhéid abairtí uimhriúla gur féidir leat a lua a thugann iomlán de 23?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

* Cé mhéid míonna den bhliain a bhfuil 23 lá iontu?____________________________
* Liostaigh na príomhuimhreacha a thagann roimh 23?__________________________
* Cé mhéid daoine sa rang a bhfuil breithlá ar an 23ú acu? ______________
* Cén comhartha réalta atá luaite leis an 23 Aibreán? __________________________
* Cleas uimhreacha. Scríobh an uimhir 23 ar phíosa páipéir. Is í seo uimhir A.
* Iompaigh an uimhir 23 droim ar ais. Is í seo uimhir B.
* Suimigh uimhir A agus B. Céard é an t-iomlán? ______________
* Tóg an uimhir 23 arís. Suimigh an dá digit. Céard é an freagra? ______________
* Méadaigh an freagra seo faoi 11. An freagra _____.
* Cuir an chéad agus an dara freagra i gcomparáid lena chéile. Céard a thugann

tú faoi deara?

Bain triail as seo le tuilleadh uimhreacha dhá digit